

Plean Gníomhaíochta Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh)

Eagraíocht: Údarás na Gaeltachta

1. Achoimre ar an bpríomh dhul chun cinn sa tréimhse Feabhra 2012 go Deireadh Fómhair 2012

Líon foirne ag laghdú roimh sprioc an Chreat Rialaithe Fostaíochta, Deireadh Fómhair 2012 = 82.48 coibhéis lánaimseartha. Sprioc do 2012 = 88 coibhéis lánaimseartha.

Príomhfheidhmeannach nua ceaptha ón 1 Meitheamh 2012.

Coigilteas sa phárolla, soláthar le déanamh, áfach, do chnapshuimeanna eile agus costais phinsin leanúnacha.

Athchóiriú éifeachtach leanúnach ar bhainistiú maoinne.

Forbairt leanúnach i stóráil sonraí ginearálta agus doiciméid lárnacha i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus *ifocal*.

Uasghrádú agus forbairt ar an suíomh gréasáin curtha i gcrích.

Grúpa Oibre don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i bhfeidhm leis an máthair-Roinn agus Foras na Gaeilge.

Seirbhís sheachtrach á seachadadh go leanúnach mar riarthóir ar scéimeanna fostaíochta, mar shampla, Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe, Tionscnamh Jabanna agus Tús.

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	Stádas Reatha
4.3	De réir riachtanais do shaineolaithe le cáilíochtaí proifisiúnta – innealtóirí, cuntasóirí agus go háirithe dlíodóir- tá forbairt foirne ar bun go leanúnach i réimsí atá ábhartha do shainchúraim an Údaráis atá ag athrú.	I rith thréimhse an phlean	<p>Ag deireadh 2010 bhí 94 duine fostaithe san eagraíocht, agus tá an figiúr sin laghdaithe anois go 82.48 post lánaimseartha coibhéiseach i nDeireadh Fómhair 2012, figiúr atá faoi sprioc an ECF don tréimhse (88).</p> <p>Oiliúint agus forbairt foirne ag dul ar aghaidh go leanúnach agus cuirfear dlús leis nuair a bheidh soiléire dhóthanach maidir le struchtúr nua na heagraíochta agus na foirne.</p> <p>Is ábhar inní iad na socrúithe sealadacha chun folúntais a chlúdach de réir mar a thagann siad chun cinn, i bhfianaise go bhfuil teipthe go dtí seo ar an idirbheartaíocht chun cead a fháil aon phoist shinsearacha san eagraíocht a líonadh, seachas post an Phríomhfheidhmeannaigh (féach thíos).</p>
4.10	Patrúin Tinrimh:- Déanfar a thuilleadh anailíse leanúnaí ar phatrúin tinrimh chun a chinntiú go ndéileálfar le hábhar inní go tapa go cothrom agus comhsheasmhach, más ann dó.	I rith tréimhse an Phlean	Taobh amuigh de ghnáth-thinneas, níl aon neamhláithreachas bunúsach aitheanta.
4.7	I gcás go bhfuil socrúithe aontaithe ó thaobh cothromaíocht oibre is saoil, cinnteoidh socrúithe leis an fhoireann chuí go bhfuil solúbthacht ann le déileáil le hathrú cúinsí le linn asláithreachta, agus tar éis filleadh ar obair nó filleadh ar uaireanta breise.	I rith tréimhse an Phlean	Tá níos mó solúbthachta in áit anois mar a bhí beartaithe, agus socrúithe sealadacha á ndéanamh mar is gá.

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	Stádas Reatha
4.8, 4.11	<p>Dlíodóir á lorg ón scéim ath-implonaithe, nó mura bhfuil duine ar fáil, cead an fholúntas a líonadh.</p> <p>Bunaithe ar dhúnadh oifig NASC sa Bhruiséil, deis athlonnaithe á lorg do bhainisteoir na hoifige sin atá mar fhostaí de chuid an Údaráis.</p> <p>Cead faighte Príomhfheidhmeannach a cheapadh.</p>	<p>Láithreach agus Práinneach</p> <p>2011</p> <p>C.2.2012</p>	<p>Cé go bhfuil athbhreithniú déanta ar riachtanais na Rannóige Dlí agus cás níos láidre curtha i láthair don ghá leanúnach atá le dlíodóir inmheánach, níl cead faighte go fóill. Socruithe sealadacha in áit agus céimeanna práinneacha á nglacadh le seachfhoinsiú a dhéanamh ar sheirbhísí dlí ach is údar imní é an easpa saineolais dlí/dlíodóir cáilithe inmheánach.</p> <p>Tá bainisteoir oifige na Bruiséile ar iasacht mar shaineolaí náisiúnta chuig Coiste na Réigiúin ar feadh tréimhse dhá bhliain – Meán Fómhair 2011 go Meán Fómhair 2013.</p> <p>Príomhfheidhmeannach nua ceaptha ón 1 Meitheamh 2012.</p> <p>Folúntas iarmhartach eile fós le réiteach.</p>
4.4, 4.12	Forbairt foirne don Rannóg Fiontraíochta agus Fostaíochta atá atheagraithe.	2011	I gcomhthéacs an Achta nua, an Chreata Rialaithe Fostaíochta agus laghdaithe foirne, tá plan nua foirne á fhorbairt ina mbeidh soláthar foirne don rannóg seo, agus forbairt foirne bhreise le soláthar de réir riachtanais.

2. **Próisis Ghnó níos fearr:** Áiríonn gníomhaíochtaí faoin teideal seo bearta agus feabhsuithe éifeachtúlachta ar na próisis trína seachadann do Roinn/comhlacht seirbhísí chuig an bpobal, ina measc, athruithe ar an teicneolaíocht a úsáidtear, bainistíocht sonraí níos fearr, féiniúlacht san áireamh, agus mar sin de.

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	Stádas Reatha
4.13	Atheagar ar sholáthar poiblí le cur i gcrích mar aon le lámhleabhair, dáileadh acmhainní agus cleachtaí nua ceangailte síos.	Márta 2011	Atheagrú déanta ar nósanna agus ar chleachtais soláthar poiblí agus iad ceangailte síos. Forbairt ar shreabhadh oibre agus ar chórais Teicneolaíochta Faisnéise á chur i bhfeidhm chun cloí leis an treoir nua 15 lá íocaíochtaí prasa.
4.13 4.15 4.13 4.15	<p>Bainistiú maoine á dhéanamh níos éifeachtaí agus á chaighdeánú sna réigiúin. Forbairt bhreise á dhéanamh ar chlár shainiúla Teicneolaíochta Faisnéise agus á gcur i bhfeidhm ar mhaoin.</p> <p>Forbairt leanúnach ar stóráil lárnach TF do shonraí agus doiciméid ghinearálta agus ar <i>iFocal</i> (do chomhrochtain ar eolas maoine) laistigh den eagraíocht go hiomlán, oifigí réigiúnacha san áireamh.</p> <p>Úsáid níos mó a bhaint as físchomhdháil idir na hoifigí réigiúnacha 7rl.</p>	<p>Tús 2011</p> <p>Eanáir 2011 sonraí ar <i>iFocal</i> á n-uasghrádú go leanúnach.</p> <p>Le linn tréimhse an Phlean</p>	<p>Déanta agus ag feidhmiú.</p> <p>Uasghrádú agus forbairt Teicneolaíochta Faisnéise pearsanra, pá rolla agus caiteachas críochnaithe. Córais próiseála deontais, airgeadais agus orduithe ceannaigh ar siúl faoi láthair. Dáilte ar na rannóga go léir seachas an Chuntaslann. Tá uasghrádú déanta ar an bhfreastalaí agus á thástáil faoi láthair. Le dul beo go luath in 2013.</p> <p>Á úsáid de réir mar is cuí.</p>

3. **Seachadadh don saoránach:** Airíonn gníomhaíochtaí faoin teideal seo bearta agus feabhsuithe éifeachtúlachta ar na próisis trína seachadann do Roinn/comhlacht seirbhíse chuig an bpobal, ina measc, athruithe ar an teicneolaíocht a úsáidtear, bainistíocht sonraí níos fearr, féiniúlacht san áireamh, agus mar sin de.

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	Stádas Reatha
4.4, 4.13	<p>Athmheasúnú a dhéanamh ar an suíomh idirlín www.udaras.ie chun é a fheabhsú mar áis don phobal agus é mar aidhm an leibhéal seirbhíse ar líne a sholáthraítear don phobal, a mhéadú.</p> <p>Ag tógáil ar dhul chun cinn suntasach go dáta, ríomhaistriú airgid le bheith i bhfeidhm chomh fada agus atá indéanta.</p>	<p>2012 I rith tréimhse an phlean</p> <p>2011</p>	<p>Uasghrádú agus forbairt curtha i gcrích. Feabhsuithe breise á ndéanamh faoi láthair.</p> <p>Íoctar pá agus costais go léir trí ríomhaistriú airgid faoi láthair agus tá córas baincéireachta ar líne Bhanc na hÉireann in úsáid go forleathan chun deontais agus billí a íoc. Nuair a bheidh an t-uasghrádú déanta ar na córais airgeadais agus deontas thuasluaite, beidh ríomhaistriú airgid mar ghnáth mhodh íocaíochta do gach íocaíocht eile – spriocdháta go luath in 2013.</p>
4.4	<p>Modhanna oibre agus córais a thabhairt suas go dáta le lámhleabhair chúltaca le haghaidh céimeanna agus próisis éagsúla le seirbhíse níos éifeachtaí do chliant a chinntiú mar gheall ar athrú riachtanais.</p> <p>Tógáil ar rannóg nua maoinne agus innealtóireachta atá comhtháite, le tuilleadh feabhais a chur ar amfhreagairt ar riachtanais</p>	<p>Márta 2011</p> <p>2010 – 2011 Curtha i gcrích agus</p>	<p>Na lámhleabhair ar fad curtha le chéile agus scaipthe, agus oiliúint inmheánach déanta. Lámhleabhar modh íocaíochta i gcrích.</p> <p>Comhéadan nua (Córas <i>iFocalpoint 2010</i>) forbartha agus curtha i bhfeidhm, le próiseáil gasta de léasanna maoinne as punann maoinne Údarás na Gaeltachta a</p>

	chliaint. – m.sh. maoin a thabhairt do thionóntaí,	uasghrádaithe	éascú agus foireann an Údaráis a chur ar a gcumas
Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	Stádas Reatha
	ceadú íocaíochtaí deontais ar athchóiriú maoine a dhéanann tionóntaí iad féin le cead ó Údarás na Gaeltachta rl.	go leanúnach	stádas reatha maoine a fhiosrú go díreach, má tá an mhaoin ar cíos, in áirithe nó saor le ligean. Mionsonraí maidir le Ceadanna Pleanála, Teastais Sábháilteachta Dóiteáin, Rátaí Fuinnimh an Fhoirgnimh, Luacháil Rátaí, Rátaí Cíosa agus araile, á gcomhordú agus á gcur ar fáil i mbunachar sonraí maoine (<i>Archibus</i>). Beidh an t-eolas seo ar fáil don fhoireann ar fad ar chomhéadan <i>iFocalpoint 2010</i> .
4.1, 4.7	Comhordú ar chur ar fáil seirbhíse agus ceadú deontais le MFG agus Comhar na nOileán (comhlachtaí LEADER ag feidhmiú sa Ghaeltacht) le meabhrán tuisceana i scríbhinn san áireamh	2010 agus i rith an Phlean	Tá meabhrán aontaithe againn le Comhar na nOileán. Comhoibriú maith ag leibhéal áitiúil. Ag fanacht go gcríochnófar socruithe nua LEADER don Ghaeltacht in ionad MFG (á leachtú). Réitigh beagnach in áit.
4.14	Modhanna oibre níos fearr do bhainistiú riosca, páirt níos mó ag an bhfoireann agus ag na	Meán Fómhair 2010	Curtha i gcrích. Modhanna oibre curtha in áit ag an gCoiste Iniúchta á threisiú seo.

	rannóga san áireamh. Páirt níos mó i mbainistiú riosca i bhfochuideachtaí, agus Coiste Iniúchta		
Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	Stádas Reatha
4.14	an Údarás ag déanamh maoirseachta ar bhainistiú riosca faoina théarmaí tagartha leasaithe.		
4.3, 4.4, 4.15	Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit eile maidir le hionaid chóireála eisiltigh, tacaíocht d'eagrais phobail, oileáin amach ón gcósta agus araile, páirtíocht ó thaobh tacaíochtaí d'oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge sa Ghaeltacht 7rl.	2011	<p>Grúpa oibre in áit leis an Máthair-Roinn agus Foras na Gaeilge don Straitéis 20 Bliain don Gaeilge. Grúpa nua ardleibhéal ar oideachas, a bunaíodh faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, le bualadh le chéile go gairid.</p> <p>An tÚdarás agus Comhairle Contae Dhún na nGall ag obriú ar aistriú an ionaid eisiltigh i nGaoth Dobhair chuig an gComhairle Contae le forbairt mar áis áitiúil – idirbheartaíocht fós ar siúl.</p> <p>Laistigh de shocruithe foirne reatha, tá an scéim Tús á cur i bhfeidhm ag an Údarás sa Ghaeltacht thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí.</p>
	Soiléiriú faighte ón Máthair-Roinn ar cheadú gníomhaíochtaí/cúnamh deontais do chur chun cinn tionsclaíoch agus fostaíochta.	2011	Idirbheartaíocht dearfach ag leanúint ar aghaidh idir na gníomhaireachtaí maidir le meicníocht do chomhoibriú ar chur chun cinn tionsclaíoch agus fostaíochta agus tacaíocht sa Ghaeltacht. Ag dul chun cinn go maith.